

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh  
NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

SCRÚDÚ AN CHÉAMA, 2002-03

SEIMEASTAR I

HI 315 IONA, COLUMBA agus CEANNANAS

BERNADETTE CUNNINGHAM  
D. Ó CRÓINÍN  
NICHOLAS CANNY

An t-am ceadaithe: **DHÁ** huair a chloig  
Freagair **TRÍ** cheist

1. Déan cur-síos ar na foinsí atá againn i gcóir stair mhainistir Í, agus tabhair breithiúnas ar a bhfiúntas.
2. Tabhair breithiúnas cuimsithe ar *Bheatha Cholm Cille* Adomnáin, nó ar *Stair Eaglasta* Bheda mar fhoinsé i gcóir stair mhainistir Í.
3. Cé chomh tábhachtach is a bhí páirt mhainistir Í sa bhfeachtas chun ríocht na bPícteach a thabhairt chun na Críostaíochta?
4. 'Anuas go dtí an bhliain AD 669 ní raibh san Eaglais i dtuaisceart Shasana ach cuid eile don Eaglais in Éirinn' (T.J. Brown). An tuairim sin a phlé.
5. Cad is féidir a dhéanamh leis an litríocht a cumadh ar Oileán Í idir AD 563 agus AD 747 mar léiriú ar an sord cultúir a bhí san oileán sa tréimhse sin?
6. Déan cur-síos ar Chonspóid na Cásca agus an pháirt a bhí ag mainistir Í inti.
7. Cén fáth ar tionóladh Seanad Whitby sa bhliain AD 664?
8. Cén tábhacht a bhain le hEcgerbert Rátha Maelsigi sa chuntas atá ag Beda ar an dteangmháil idir Éirinn agus Sasana sa 7ú agus san 8ú aois?
9. Tabhair breithiúnas ar bheatha agus ar shaol Adomnáin, agus an tábhacht a bhain leis.